# RÁITEAS DEIREADH BLIANA 2025
# END OF YEAR STATEMENT 2025

Foras na Gaeilge

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
## CHAIRPERSON'S STATEMENT



Mar Chathaoirleach Fhoras na Gaeilge, is cúis bhróid dom Ráiteas Deireadh Bliana 2025 a chur faoi do bhráid.

Tugann an achoimre ghairid seo léargas ar a bhfuil bainte amach ag Foras na Gaeilge sna réimsí ba mhó a raibh muid gníomhach iontu le linn 2025: chuireamar 520 deontas ar fáil, d'fhorbraíomar deiseanna úsáidte Gaeilge i gcomhpháirt le grúpaí pobail agus leis na 6 Cheanneagraíocht, thacaíomar le 227 post in earnáil na Gaeilge, chaitheamar €3.1 milliún ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga sa 2 dhlínse, agus ghlacamar ról gníomhach comhairleach i dtaca le 3 mhórpholasaí oideachais rialtais atá á bhforbairt faoi láthair ó dheas.

Is léiriú ar an mborradh faoi réimse na leabhar mórsheoladh Nollag an Ghúim, nuair a sheol Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Jarlath Burns, 13 leabhar a bhí foilsithe ag comhlacht foilsitheoireachta Fhoras na Gaeilge.

Baineadh cloch mhíle stairiúil amach i mbliana nuair a sheol an tUachtarán Catherine Connolly an Foclóir Nua Gaeilge roimh an Nollaig – an chéad fhoclóir ar líne dá leithéid. Cuirfidh an foclóir seo go mór le forbairt leanúnach na Gaeilge, agus níl aon amhras ach go n-athróidh sé meon an phobail i leith na Gaeilge sna blianta amach romhainn.

Ach is fíor a rá gurb é buaicphointe 2025 fógra an Aire Dara Calleary TD go mbeadh méadú os cionn €2 mhilliún ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge. An chéad mhéadú suntasach dá leithéid le 4 bliana, agus méadú a ligfidh dúinn dul chun cinn mór a dhéanamh sa tacaíocht a chuirimid ar fáil do phobail uile na Gaeilge ar fud an oileáin.

*Regina Uí Chollatáin*

**AN tOLLAMH REGINA UÍ CHOLLATÁIN**

As Chairperson of Foras na Gaeilge, I am proud to present you with the 2025 End of Year Statement.

This short summary gives an insight into Foras na Gaeilge's achievements in the areas which we have been most active in during 2025: we allocated 520 grants, we developed opportunities for the use of Irish in partnership with community groups and with the 6 Lead-Organisations, we supported 227 jobs in the Irish-language sector, we spent €3.1 million on language-planning activities in both jurisdictions, and we took an active advisory role on 3 major government education policies currently being developed in the South.

Highlighting the growth in the book industry, GAA President, Jarlath Burns, launched 13 books published by Foras na Gaeilge's publishing company, An Gúm, at the Grand Christmas book launch.

A historic milestone was reached this year when President Catherine Connolly launched An Foclóir Nua Gaeilge (new online monolingual Irish dictionary) before Christmas – the first online dictionary of its kind. This dictionary will add greatly to the continuing development of the Irish language, and there is no doubt that it will change public attitudes to the Irish language in coming years.

The most significant highlight of 2025, however, was the announcement by Minister Dara Calleary TD of an increase of over €2 million to the Foras na Gaeilge budget. This was the first such significant increase in 4 years, and will allow us to make significant progress in the support we provide for all Irish language communities throughout the island.

*Regina Uí Chollatáin*

**PROFESSOR REGINA UÍ CHOLLATÁIN**

# 2025 Buaicphointí Highlights

Foras na Gaeilge

forasnagaeilge.ie

foclóir.ie


An chéad fhoclóir aonteangach Gaeilge seolta ag Uachtarán na hÉireann

The first monolingual Irish dictionary launched by the President of Ireland

ÁIS **€1.1m**

Díolachán leabhar ÁIS

ÁIS book sales




**Treo Straitéiseach** do 2025-2030 foilsithe

Strategic Direction for 2025-2030 published

**€3.1m**


Caite ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga

Spent on language planning activities

CLÁR NA LEABHAR GAEILGE **60**

Leabhar Gaeilge foilsithe le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge

Irish books published with support from Clár na Leabhar Gaeilge




LOVE LEABHAR GAEILGE

Le Foras na Gaeilge

Bódléar (Leabhar Breac) le Darach Ó Scolaí a bhuaigh gradam Love Leabhar Gaeilge (An Post Irish Book Awards 2025)

Bódléar (Leabhar Breac) by Darach Ó Scolaí won Love Leabhar Gaeilge award (An Post Irish Book Awards 2025)

**520**

Deontas bronnta

Grants awarded

**950+**

Imeacht óige iarscoile maoinithe

After-school youth events funded



**79**

Campa Samhraidh maoinithe

Summer camps funded



**52,008** **+4%**

Leantóir ar na meáin shóisialta agus 10,127 léitheoir ag nuachtlitir Fhoras na Gaeilge

Followers on social media and 10,127 readers of Foras na Gaeilge's newsletter




**10,000**

Cóip de leabhar Áine Ní Ghlinn (foilsithe ag An tSnáthaid Mhór) curtha i gcló do Lá Domhanda na Leabhar

Copies of Áine Ní Ghlinn's book (published by An tSnáthaid Mhór) printed for World Book Day



**227** **+7**

Post maoinithe in earnáil na Gaeilge

Jobs funded in the Irish language sector

**1.7m**

Cuairteoir ar Foclóir.ie agus 1.2 milliún cuairteoir ar Téarma.ie

Visitors to Foclóir.ie and 1.2 million visitors to Téarma.ie